Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Nollaig 2022**
**(OR. en)**

**15309/22**
**ADD 1**

**SAN 629**
**PHARM 176**
**MI 907**
**IPCR 115**
**COVID-19 187**
**RECH 643**
**COMPET 991**
**PROCIV 148**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 1 Nollaig 2022 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 669 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN<br>An Tuarascáil ar Staid na hUllmhachta Sláinte |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 669 final.

Faoi iamh: COM(2022) 669 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.11.2022
COM(2022) 669 final

ANNEXES 1 to 2

**IARSCRÍBHINNÍ**

***a ghabhann leis an***

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**An Tuarascáil ar Staid na hUllmhachta Sláinte**

## Iarscríbhinn.1 – Staid cur chun feidhme gníomhaíochtaí ullmhachta i ndáil le frithbhearta leighis

| | Uimhir na Gníomhaíochta | Príomhghníomhaíochtaí atá beartaithe | Leibhéal reatha cur chun feidhme | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Leibhéal 0 | Leibhéal 1 | Leibhéal 2 | Leibhéal 3 |
| **Measúnú ar bhagairtí agus bailiú faisnéise** | *1.1* | *Liosta a fhorbairt ina mbeidh na tosaíochtaí i leith bagairtí agus obair a dhéanamh ar chruthú creatlaí cáis bagartha* | | | | |
| | *1.2* | *Liosta frithbheart leighis criticiúil a fhorbairt* | | | | |
| | *1.3* | *Ardán MCMI a bhunú* | | | | |
| | *1.4* | *Líonra saotharlann agus institiúidí taighde a bhunú agus a oibriú* | | | | |
| | *1.5* | *Acmhainneachtaí faireachais fuíolluisce san Aontas a chomhdhlúthú* | | | | |
| **Ardtaighde agus forbairt frithbheart leighis** | *2.1* | *Acmhainneachtaí scanta ionchais a neartú i ndáil le nuálaíochtaí agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn i réimse na bhfrithbheart leighis* | | | | |
| | *2.2* | *Clár Oibre Straitéiseach Taighde agus Nuálaíochta maidir le hullmhacht paindéime a fhorbairt* | | | | |
| | *2.3* | *Líonraí trialacha an Aontais a chomhdhlúthú* | | | | |
| | *2.4* | *An maoiniú le haghaidh tionscadail ardriosca T&F a mhéadú trí 'HERA INVEST', mar a thugtar air* | | | | |
| | *2.5* | *Infheistíocht a dhéanamh i vacsaíní den chéad ghlúin eile* | | | | |
| | *2.6* | *Treochlár a fhorbairt chun tacú le taighde ar dhrugaí frithvíreasacha atá nua nó ar athraíodh a gcuspóir* | | | | |
| | *2.7* | *Tacú le frithbhearta leighis a fhorbairt agus leis an rochtain orthu, lena n-áirítear feistí leighis agus diagnóisicí* | | | | |
| **Rochtain ar** | *3.1* | *Creat bainistíochta riosca slabhra soláthair le haghaidh frithbhearta leighis a fhorbairt* | | | | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **fhrithbhearta leighis – slabhraí soláthair agus acmhainneachtaí táirgeachta athléimneacha** | *3.2* | *An acmhainneacht mhonaraíochta san Aontas a mhéadú le FAB an Aontais* | | | | |
| | *3.3* | *Stoc-chairn ar leibhéal an Aontais de fhrithbhearta leighis criticiúla a bhunú* | | | | |
| | *3.4* | *Cur chuige straitéiseach an Aontais maidir le frithbhearta leighis a stoc-charnadh a fhorbairt* | | | | |
| | *3.5* | *Athbhreithniú a dhéanamh ar na sásraí soláthair chomhpháirtigh le haghaidh frithbhearta leighis* | | | | |
| **Comhordú idirnáisiúnta agus gníomhaíochtaí domhanda** | *4.1* | *Comhpháirtíochtaí straitéiseacha i réimsí na sláinte agus na hullmhachta ar an leibhéal réigiúnach a leathnú* | | | | |
| | *4.2* | *Tacú le LMICanna chun cur leis an acmhainneacht agus an saineolas i ndáil le hullmhacht, freagairt agus monaraíocht áitiúil* | | | | |

- Leibhéal 0: Céim forbartha
- Leibhéal 1: Réamhchéim/céim staidéir
- Leibhéal 2: Céim phíolótach
- Leibhéal 3: Curtha chun feidhme

## Iarscríbhinn.2 – 10 gceacht a foghlaimíodh ó phaindéim COVID-19, dul chun cinn agus forbairt atá ar bun

| 10 gceacht a foghlaimíodh | Dul chun cinn go dtí seo | Forbairt bhreise |
|---|---|---|
| **#1: Is ar fhaireachas domhanda níos láidre agus ar shonraí níos inchomparáide agus níos iomláine a bhíonn brath agus freagairt níos tapúla ag brath** | • EpiPulse[1] – tairseach faireachais na hEorpa maidir le galair thógálacha – seolta ag ECDC in 2021<br>• Acmhainneachtaí faireachais agus seicheamhaithe pataigine neartaithe sna Ballstáit, lena n-áirítear EUR 77 milliún i ndeontais ECDC agus cistiú breise ón gCoimisiún Eorpach<br>• Tacaíocht theicniúil don tionscnamh um Fhaisnéis Eipidéime ó Fhoinsí Oscailte (EIOS)[2]<br>• Comhar le Lárionaid Afracacha um Ghalair a Rialú agus a Chosc chun brath agus fíorú pras bagairtí a áirithiú trí thionscadal 'An tAontas Eorpach do Shlándáil na Sláinte san Afraic – ECDC do Lárionaid Afracacha um Ghalair a Rialú agus a Chosc'<br>• Próisis uathoibríocha curtha chun feidhme ag ECDC chun sonraí a bhailiú ó fhoinsí poiblí ar bhealach níos tapa<br>• Uirlisí a úsáideann ECDC chun bagairtí a bhrath go pras tríd an Intleacht Eipidéime (e.g. Epitweetr[3], EIOS) neartaithe agus comhtháthaithe | • Tíopáil mhóilíneach agus ghéanómaíoch a chomhtháthú i bhfaireachas agus ullmhacht ráige ar leibhéal an Aontais i gcomhréir le straitéis ECDC[4]<br>• Tuilleadh úsáide a bhaint as intleacht shaorga i ngníomhaíochtaí intleachta eipidéime ECDC |

[1] https://www.ecdc.europa.eu/en/publications-data/epipulse-european-surveillance-portal-infectious-diseases

[2] Is comhoibriú uathúil idir páirtithe leasmhara sláinte poiblí éagsúla ar fud an domhain é an tionscnamh um Fhaisnéis Eipidéime ó Fhoinsí Oscailte (EIOS). Tugtar le chéile leis tionscnaimh, líonraí agus córais atá nua nó atá ann cheana féin chun cur chuige aontaithe uile-ghuaise Aon Sláinte Amháin a chruthú maidir le bagairtí sláinte poiblí a bhrath go luath, a fhíorú, a mheasúnú agus chur in iúl ag úsáid faisnéis atá ar fáil go poiblí. Ó bhí mí Eanáir 2022 ann tá ról stiúrtha thionscnamh EIOS á óstáil laistigh de Mol nua EDS um an Intleacht Paindéime agus Eipidéime. https://www.who.int/initiatives/eios

[3] epitweetr tool (europa.eu)

[4] *ECDC strategic framework for the integration of molecular and genomic typing into European surveillance and multi-country outbreak investigations – 2019–2021* [Creat straitéiseach ECDC maidir le tíopáil mhóilíneach agus ghéanómaíoch a chomhtháthú i bhfaireachas agus imscrúduithe ráige iltíre san Eoraip – 2019–2021] (europa.eu).

| | | |
|---|---|---|
| **#2: Déanann comhairle eolaíoch atá soiléir comhordaithe cinntí beartais agus cumarsáid phoiblí a éascú** | • Acmhainneacht agus acmhainní méadaithe maidir le measúnú fianaise agus anailís sonraí ECDC, lena n-áirítear samhaltú agus réamhaisnéisiú galar tógálach agus an Mol Eorpach Réamhaisnéise COVID-19 agus an Mol Eorpach maidir le Cásanna COVID-19 seolta<br>• Staidéir ar éifeachtacht vacsaíní COVID-19 mar chuid de thionscadal VEBIS, comhairle eolaíoch maidir le straitéisí vacsaínithe agus an tArdán um Fhaireachán Vacsaíní (ECDC/EMA) seolta<br>• Mearmheasúnuithe Riosca ECDC ar COVID-19 curtha ar fáil ó bhí mí Eanáir 2020 ann (19 Mearmheasúnú Riosca), agus ar bhagairtí sainaitheanta eile mar a éilíodh<br>• Soláthraíonn EMA comhairle eolaíoch *d'fhorbróirí* vacsaíní agus teiripicí. Amhail an 19 Deireadh Fómhair 2022 agus i gcomhthéacs phaindéim COVID-19, soláthraíodh 48 bpíosa comhairle maidir le vacsaíní agus 111 maidir le teiripicí. | • Acmhainneacht agus acmhainní maidir le measúnú fianaise agus anailís sonraí ECDC a neartú tuilleadh agus iad a leathnú chun galair eile a chumhdach<br>• Fothú acmhainneachta agus oiliúint ag ECDC maidir le measúnú fianaise agus forbairt comhairle eolaíche le haghaidh Bhallstáit an Aontais, tíortha réamhaontachais agus thíortha Bheartas Comharsanachta na hEorpa<br>• Athbhreithniú leanúnach ar nós imeachta ECDC maidir le tuairimí eolaíocha (Airteagal 7 de shainordú leathnaithe ECDC)<br>• Leanúint de thionscadal VEBIS ECED (faireachán ar éifeachtacht vacsaíní COVID-19)<br>• Leanúint d'obair an Ardáin um Fhaireachán Vacsaíní (ECDC/EMA)<br>• Modheolaíocht Mhearmheasúnú Riosca ECDC a thabhairt cothrom le dáta<br>• EMA agus a Tascfhórsa Éigeandála (EFT) le leanúint de chomhairle eolaíoch a sholáthar d'fhorbróirí cógas a d'fhéadfadh aghaidh a thabhairt ar an éigeandáil sláinte poiblí |
| **#3: Ní mór infheistíocht, grinnscrúdú agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an ullmhacht** | • Comhairliúchán le Saineolaithe ECDC déanta maidir le cur chun feidhme idirghabhálacha neamhchógaisíochta<br>• Treoraíocht ECDC forbartha agus oiliúint curtha ar fáil maidir le hAthbhreithnuithe le linn Gníomhaíochta agus Athbhreithnuithe tar éis Gníomhaíochta<br>• Athbhreithnuithe tar éis Gníomhaíochta (AARanna) déanta ag | • Measúnú tráthrialta ar bhagairtí<br>• Cistiú Chlár EU4Health chun an Rialachán maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar shláinte agus sainorduithe ECDC agus EMA a chur chun feidhme<br>• Fothú acmhainneachta ECDC agus oiliúint maidir le hintleacht eipidéime, ullmhacht agus gníomhaíochtaí |

| | | |
|---|---|---|
| | ECDC i roinnt tíortha Eorpacha agus iad dírithe ar chruthú comhairle fianaisebhunaithe<br>• Ceachtanna COVID-19 foghlamtha ag ECDC, cuairteanna tugtha ar roinnt tíortha Eorpacha, tuarascáil theicniúil dar teideal *The EU experience in the first phase of COVID-19: implications for measuring preparedness* [Taithí an Aontais Eorpaigh le linn na chéad chéime de COVID-19: impleachtaí maidir le tomhas na hullmhachta] | freagartha le cur ar fáil do Bhallstáit an Aontais, tíortha réamhaontachais agus tíortha Bheartas Comharsanachta na hEorpa<br>• Forbairt chúrsaí ríomhfhoghlama ECDC ar an Ullmhacht Éigeandála<br>• Mar a fhoráiltear sa Rialacháin maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar shláinte, i gcomhar leis na Ballstáit agus le gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais, amhail ECDC, bunóidh an Coimisiún plean géarchéime sláinte agus paindéime an Aontais, déanfar sonraí a bhailiú go tráthrialta, mar aon le hanailísiú ar an ullmhacht agus ar an bpleanáil freagartha; forbrófar táscairí chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn agus chun measúnú a dhéanamh ar an leibhéal coisc, ullmhachta agus pleanála freagartha sna Ballstáit |
| **#4: Ní mór uirlisí éigeandála a bheith réidh agus níos tapúla agus níos éasca a ghníomhachtú** | • Seirbhís Tairsí na Cónaidhme Eorpaí (EFGS) bunaithe agus ag oibriú le haghaidh idir-inoibritheacht aipeanna rianaithe teagmhálaithe móibíleacha<br>• Córas Dheimhniú Digiteach COVID an Aontais bunaithe agus ag oibriú | • Ceachtanna a fhoghlaim ó chomhar an Aontais maidir le rianú teagmhálaithe digiteach<br>• Obair a dhéanamh ar mhúnla le haghaidh oibriú leanúnach inbhuanaithe líonraí iontaobhais sláinte digiteacha le haghaidh fíordheimhniú deimhnuithe agus doiciméad eile a bhaineann leis an tsláinte ar leibhéal an Aontais agus b'fhéidir ar an leibhéal idirnáisiúnta<br>• Prótacail ECDC le bheith curtha chun feidhme go pras chun measúnú a dhéanamh ar an eipidéimeolaíocht agus ar na tosca riosca a bhaineann le bagairtí sláinte nua |

| | | |
|---|---|---|
| | | • Prótacail ECDC le bheith curtha chun feidhme go pras chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart freagartha a cuireadh chun feidhme |
| **#5: Ba cheart bearta comhordaithe a bheith ina ngníomh frithluaile le haghaidh na hEorpa** | • An Rialacháin maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar shláinte glactha<br>• HERA bunaithe<br>• Sainordú ECDC agus EMA leathnaithe<br>• Comhar déanta le gach gníomhaí a bhfuil baint aige le hullmhacht agus freagairt i leith bagairtí sláinte trí Bhord HERA, Fóram Comhairleach HERA, Fóram na Sochaí Sibhialta agus tríd an bhFóram Comhpháirteach um Chomhoibriú Tionsclaíoch<br>• Tháinig Rialachán 2022/123, lena leathnaítear sainordú na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí, i bhfeidhm an 1 Márta 2022. Leis an reachtaíocht tugtar ról do EMA maidir le faireachán a dhéanamh ar ghanntanais cógas criticiúil, agus maidir leis na ganntanais sin a mhaolú, i gcomhthéacs éigeandála sláinte poiblí nó mórimeachta, agus bunaítear leis an Grúpa Stiúrtha maidir le Ganntanais Cógas, an Grúpa Stiúrtha maidir le Ganntanais Feistí Leighis agus an Tascfhórsa Éigeandála. | • Acmhainneacht táirgeachta le haghaidh frithbhearta leighis a athbhunú agus a leathnú (FAB an Aontais)<br>• Acmhainneacht na hEorpa um stoc-charnadh a fhorbairt<br>• Bealaí chun aghaidh a thabhairt ar scrogaill i slabhraí soláthair frithbheart leighis a shainaithint, a thuar agus a shainiú<br>• Beidh feidhm ag na forálacha maidir le faireachán a dhéanamh ar ghanntanais feistí leighis criticiúla agus na ganntanais sin a mhaolú ón 2 Feabhra 2023 ar aghaidh.<br>• Ardán um Intleacht maidir le Frithbhearta Leighis Idir-inoibritheacha agus infheistíochtaí príobháideacha méadaithe i bhfrithbhearta leighis ardriosca trí 'HERA INVEST', mar a thugtar air |
| **#6: Tá gá le comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha atreisithe agus slabhraí soláthair níos láidre le haghaidh trealamh criticiúil agus cógais ríthábhachtacha** | • Idirphlé Struchtúrtha ar shlándáil an tsoláthair cógas, le páirtithe leasmhara, in 2021<br>• Doiciméad dar teideal *Commission Staff Working Document – Vulnerabilities of the global supply chains of medicines – Structured dialogue on the security of supply of medicines supply* [Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin – Leochaileachtaí na | Leanfaidh an Coimisiún dá mhachnamh anois, go háirithe i gcomhthéacs an athchóirithe atá beartaithe a dhéanamh ar an reachtaíocht cógaisíochta, chun roghanna beartas a leagan amach agus gníomhaíochtaí eile a mholadh d'fhonn leanúnachas agus slándáil an tsoláthair san Aontas a neartú, go háirithe i gcás na gcógas sin |

| | | |
|---|---|---|
| | slabhraí soláthair domhanda cógas – Idirphlé struchtúrtha ar shlándáil an tsoláthair cógas][5] foilsithe in 2022 | a mheastar is criticiúla do chórais sláinte |
| **#7: Tá cur chuige uile-Eorpach ríthábhachtach chun dlús a chur le taighde cliniciúil, chun é a leathnú agus é a dhéanamh níos éifeachtaí.** | • Ó bhí mí Eanáir 2022 ann, le teacht i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Trialacha Cliniciúla, tá measúnú agus maoirseacht ar thrialacha cliniciúla ar fud an Aontais comhchuibhithe, go háirithe trí Chóras Faisnéise maidir le Trialacha Cliniciúla (CTIS).<br>• Cuireann an Tascfhórsa Éigeandála, a bunaíodh le Rialachán 2022/123, comhairle ar fáil maidir le prótacail le haghaidh trialacha cliniciúla, lena n- áirítear trialacha cliniciúla comhpháirteacha, d'fhorbróirí na dtrialacha cliniciúla a dhéantar san Aontas.<br>• Cuireann Rialacháin (AE) 2017/745 maidir le feistí leighis agus 2017/746 maidir le feistí leighis diagnóiseacha *in vitro*, a tháinig i bhfeidhm in 2021 agus 2022 faoi seach, creat níos comhchuibhithe ar fáil le haghaidh imscrúduithe cliniciúla agus staidéir feidhmíochta.<br>• Tionscadal CORE-MD arna chistiú ag Fís 2020 maidir le fianaise chliniciúil le haghaidh feistí leighis, arna dhéanamh ag cuibhreannas gairmithe cúraim sláinte, comhlachtaí faoina dtugtar fógra, acadóirí, othar agus rialtóirí<br>• Tacaíocht do líonraí trialacha cliniciúla VACCELERATE agus EU-RESPONSE, chun measúnú a dhéanamh ar chógais agus frithbhearta leighis nua (i.e.: le linn ráig na bolgaí moncaí)<br>• Méadú ar an nasc idir measúnú ar bhagairtí, T&F agus soláthar frithbheart leighis | • Sna blianta amach romhainn, leis an timpeallacht rialála Eorpach nua le haghaidh trialacha cliniciúla déanfar éascú agus cuíchóiriú ar thrialacha cliniciúla ilnáisiúnta, cuirfear dlús leo, agus cuirfear leis an trédhearcacht a bhaineann leo, trialacha ar theiripicí agus vacsaíní nua COVID-19 a d'fhéadfadh a bheith ann san áireamh.<br>• Ina theannta sin, áiritheofar léi go mbeidh timpeallacht tharraingteach agus fhabhrach chun taighde cliniciúil a dhéanamh ar mhórscála le fáil san Aontas, timpeallacht ina mbeidh ardchaighdeáin trédhearcachta agus sábháilteachta poiblí do rannpháirtithe i dtrialacha cliniciúla.<br>• Ba cheart do na Ballstáit an chomhairle eolaíoch sin ón Tascfhórsa Éigeandála a chur san áireamh agus iarratas ar thriail chliniciúil á údarú acu. I ndeireadh na dála, éascóidh an chomhairle forbairt agus údarú tráthúil táirgí leighis amhail vacsaíní agus cóireálacha agus cuirfidh sí feabhas ar chomhordú foriomlán na dtrialacha cliniciúla san Eoraip.<br>• Leanúint den obair leis na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara chun tuiscint agus uirlisí coiteanna a fhorbairt le haghaidh imscrúduithe |

[5] *Staff Working Document on Vulnerabilities of the global supply chains of medicines – Structured Dialogue on the security of medicines supply* [Doiciméad Inmheánach Oibre maidir le Leochaileachtaí na slabhraí soláthair domhanda cógas – Idirphlé Struchtúrtha ar shlándáil an tsoláthair cógas] (europa.eu)

| | | |
|---|---|---|
| | | cliniciúla agus staidéir feidhmíochta ar fheistí leighis.<br>• Acmhainneachtaí scanta ionchais HERA a neartú i réimse na bhfrithbheart leighis<br>• Líonraí trialacha cliniciúla an Aontais a chomhdhlúthú, chun go mbeifear in ann trialacha ardáin síoraí a dhéanamh agus cóhóirt straitéiseacha shíoraí a úsáid chun iompú le díriú ar ghalair atá ag teacht chun cinn má bhíonn eipidéim ann |
| **#8: Braitheann an acmhainneacht chun déileáil le paindéim ar infheistíocht leanúnach mhéadaithe i gcórais sláinte (a n-aistriú digiteach san áireamh)** | • Tacaíocht do na Ballstáit chun athléimneacht fhoriomlán córas sláinte a neartú mar chuid dá bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta. Faoi na Pleananna atá glactha faoi láthair tá breis agus EUR 40 billiún curtha in áirithe do chórais fonáisiúnta sláinte. Tá beagnach trian den mhéid sin tiomnaithe do dhigitiú córas sláinte a bhrú chun cinn.<br>• Ina theannta sin, leis na moltaí tírshonracha<br>is déanaí – moltaí a glacadh i mí Iúil 2022 mar chuid den Seimeastar Eorpach – tugadh aghaidh ar chórais sláinte in ocht mBallstát agus leagadh béim ar an ngá atá le cosc níos fearr agus cúram sláinte príomhúil níos fearr, agus an gá atá ann le dul i ngleic le ganntanas lucht saothair.<br>• Tacaíocht, trí Chlár EU4Health, i gcomhpháirtíocht le ECFE agus leis an bhFaireachlann Eorpach um Chórais agus Beartais Sláinte chun ullmhacht córas a neartú maidir le ráigeanna de ghalair thógálacha agus suaití de chineálacha eile. Go háirithe, baineann sé sin le dearadh tástálacha athléimneachta, chun a chur ar a gcumas do na Ballstát athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar a n- ullmhacht i gcomhair | • Leanúint den tacaíocht do Phleananna Téarnaimh agus Athléimneachta náisiúnta chun a gcur chun feidhme le linn shaolré na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (2021-2026) a áirithiú<br>• Leanúint den mheasúnú ar athléimneacht córas sláinte náisiúnta faoin Seimeastar Eorpach, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le leibhéil infheistíochtaí agus athchóirithe ábhartha<br>• Leanúint de thacú leis na Ballstáit maidir le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin lucht saothair a bhaineann le ganntanais agus mímheaitseálacha scileanna. Mar chuid de sin tá an Ghníomhaíocht Chomhpháirteach Laochra maidir le pleanáil agus réamhaisnéisiú an lucht saothair, lena gcuirfear tús ag tús 2023 agus gníomhaíochtaí maidir le scileanna, lena n-áirítear tús a chur le Comhpháirtíocht Lucht Saothair an Chomhshocruithe um Scileanna agus tionscadail oiliúna a dhíríonn ar scileanna |

| | | |
|---|---|---|
| | géarchéimeanna sláinte agus athléimneacht a gcóras sláinte a sheiceáil i gcoinne cásanna sonracha ardbhrú agus dúshláin struchtúracha fhadtéarmacha. | digiteacha faoi Chlár EU4Health.<br>• Modheolaíocht tástála athléimneacht an chórais sláinte a chur i gcrích agus í a fhoilsiú i dtreoirleabhar faoi lár 2023 |
| **#9: Tosaíocht dhomhanda don Eoraip is ea ullmhacht agus freagairt do phaindéimí.** | • Comhar ECDC le Líonra Rabhaidh agus Freagartha um Ráigeanna Domhanda (GOARN)<br>• Comhar idir ECDC agus Lárionad eile um Ghalair a Rialú (CDCanna) i dtíortha nach Ballstáit den Aontas iad, lena n-áirítear na Stáit Aontaithe, Ceanada, an tSín, Iosrael, Meicsiceo, an Ríocht Aontaithe agus an Chóiré. Ina theannta sin, ar thionscnamh ECDC, in 2019 bunaíodh Líonra CDCanna móra ar fud an domhain, lena n-áirítear CDCanna na hAfraice, na hAstráile, Cheanada, réigiún Mhuir Chairib, na Síne, Iosrael, na Cóiré, Mheicsiceo, Shingeapór, na Téalainne, na Ríochta Aontaithe, agus na Stát Aontaithe chun faisnéis agus saineolas a mhalartú chun freagairt go héifeachtach do bhagairtí ó ghalair theagmhálacha. Léiríodh go bhfuil an Líonra an-úsáideach, go háirithe le linn phaindéim COVID-19.<br>• Rannchuidiú ECDC le plé domhanda maidir le creataí rialachais le haghaidh na hullmhachta paindéime<br>• Tionscnaimh réigiúnacha ECDC amhail soláthar feabhsaithe tacaíochta do Lárionaid Afracacha um Ghalair a Rialú agus a Chosc, Tionscnamh an Aontais maidir leis an tSlándáil Sláinte agus bearta ullmhúcháin le haghaidh rannpháirtíocht tíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht an Aontais agus iarrthóirí ionchasacha in obair ECDC. | • Tionscnaimh leanúnacha réigiúnacha agus déthaobhacha ECDC amhail Tionscnamh an Aontais maidir leis an tSlándáil Sláinte<br>• Comhar domhanda méadaithe, amhail idir ECDC agus Lárionaid Afracacha um Ghalair a Rialú agus a Chosc<br>• Tascfhórsa Sláinte an Aontais a bhunú, á chomhordú ag ECDC |

| | | |
|---|---|---|
| **#10: Ba cheart cur chuige níos comhordaithe agus níos sofaisticiúla a fhorbairt i leith na mífhaisnéise agus na bréagaisnéise** | • Cumarsáid, éisteacht shóisialta agus malartú réamhghníomhach chun bagairtí nua a réamh-mheas<br>• Tuarascáil ECDC dar teideal *Countering online vaccine misinformation in the EU/EEA* [Cur i gcoinne na mífhaisnéise faoi vacsaíní ar líne san Aontas/LEE]<br>• Tuarascáil JRC dar teideal *COVID-19 misinformation: Preparing for future crises* [Mífhaisnéis COVID-19: Ullmhú le haghaidh géarchéimeanna amach anseo]<br>• An Cód Cleachtais Nua maidir le Bréagaisnéis<br>• An Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha<br>• Togra maidir le trédhearcacht fógraíochta polaitiúla<br>• An Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán<br>• An Fhaireachlann Eorpach um na Meáin Dhigiteacha<br>• Bosca Uirlisí Ionramháil agus Cur Isteach Eachtrach ar Fhaisnéis (FIMI)<br>• Tuarascálacha Speisialta SEGS maidir le Bréagaisnéis COVID-19<br>• Obair ar chomhchreat anailíseach agus modheolaíocht chun ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis a shainaithint<br>• Dlúthchomhar leis na Ballstáit tríd an gCóras Mear-Rabhaidh (RAS) agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta, go háirithe Sásra Mearfhreagartha G7 agus ECAT, agus leis an tsochaí shibhialta agus leis an tionscal príobháideach<br>• Staidéar ECDC agus cúrsa ríomhfhoghlama forbartha maidir le cur i gcoinne mífhaisnéis faoi vacsaíní ar líne<br>• Treoirleabhar ECDC agus cúrsa ríomhfhoghlama gaolmhar forbartha maidir le glacadh agus tógáil an vacsaínithe COVID-19 a éascú, lena n-áirítear straitéisí i ndáil le faisnéis | • Athbhreithniú ar an bPlean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach, beartaithe do 2023<br>• Cur chun feidhme an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha<br>• Obair ar Spás Sonraí FIMI (mar a iarradh sa Chompás Straitéiseach)<br>• Rannpháirtíocht leanúnach le páirtithe leasmhara maidir leis an sainmhíniú coincheapúil comhchoiteann beartaithe ar FIMI agus laistigh den fhoghrúpa cásanna géarchéime den Chód Cleachtais Nua maidir le Bréagaisnéis<br>• rochtain ar fhoinsí iontaofa faisnéise sláinte á feabhsú ag ECDC, lena n-áirítear tuilleadh forbartha ar Thairseach Faisnéise an Aontais um Vacsaíniú (EVIP)<br>• Feabhas a chur ar chumas oibrithe sláinte cumarsáid a dhéanamh le hothair maidir le vacsaíniú (ECDC) |

| | | |
|---|---|---|
| | chruinn a thabhairt agus le haghaidh a thabhairt ar mhífhaisnéis agus bréagaisnéis | |